



**2023/0404(COD)**

24.11.2024

## **DRÉACHT-TUAIRIM**

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuíg an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle  
lena mbunaítear linn tallainne an Aontais Eorpaigh  
(COM(2023)0716 – C9-0413/2023 – 2023/0404(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Marianne Vind

PA\_Legam

## LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta an méid seo a leanas faoi bhráid an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach:

### Leasú 1

#### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3) Chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus chun deiseanna a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibríthe ar fud an Aontais, ba cheart Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú i bhfoirm ardáin ar fud an Aontais lena dtugtar le chéile agus lena dtacaítear le meaitseáil próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus folúntais fostaíochta fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha.

*Leasú*

(3) Chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú agus chun deiseanna a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tíortha oibriú i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibríthe ar fud an Aontais **chomh maith le feabhas a chur ar earcaíocht chothrom agus ar chosaint oibríthe imirceacha i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus saothair<sup>1a</sup>**, ba cheart Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú i bhfoirm ardán uile-Aontais lena dtugtar le chéile agus lena dtacaítear le meaitseáil próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus folúntais fostaíochta ó fhostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha. **Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcuirfean an uirlis mheaitseála uathoibríthe ar bun ar bhealach nach ndéanfadh mhacasamhlú ar chlaontachtaí ná ar chleachtais idirdhealaitheacha atá ann cheana.**

---

<sup>1a</sup> Féach, mar shampla, na caighdeáin eiticíúla a forbraíodh faoi thionscnamh suaitheanta na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Imirce: Caighdeán IRIS maidir le hEarcaíocht Eiticíúil (<https://iris.iom.int/sites/g/files/tmzbdl201/files/documents/IRIS%20Standard%20Report%20.pdf>) chomh maith le tiomsú rialacha agus treorach ábhartha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair in ‘General principles and operational guidelines for fair recruitment and

*definition of recruitment fees and related costs'*  
([https://www.ilo.org/sites/default/files/wcmsp5/groups/public/@ed\\_protect/@protrav/@migrant/documents/publication/wcms\\_703485.pdf](https://www.ilo.org/sites/default/files/wcmsp5/groups/public/@ed_protect/@protrav/@migrant/documents/publication/wcms_703485.pdf)).

Or. en

## Leasú 2

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(5a) D'fhéadfadh ganntanas lucht saothair a bheith mar thoradh ar phá íseal, poist neamhtharraingteacha, drochdhálaí oibre, agus easpa infheistíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin chun oibríthe a mhealladh agus a choinneáil. Ba cheart go dtacódh Linn Tallainne an Aontais le poist ardcháilíochta a chruthú san Aontas, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. I ndáil leis sin, tá pá cuibhiúil, rochtain ar chosaint shóisialta, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, dálaí maithe oibre in ionaid oibre atá sábháilte agus sláintiúil, chomh maith le hurraim do chearta oibríthe, do chearta ceardchumann agus do chomhaontuithe comhchoiteanna bunriachtanach.*

Or. en

## Leasú 3

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5 b (nua)

**(5b) Is féidir leis an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES), a sholáthraíonn faisnéis, comhairle agus earcaíocht nó socrúchán ar mhaithe le hoibrithe agus fostóirí ar fud an Aontais, ról suntasach a bheith aige maidir le folúntais a fhoilsiú d'fhonn oibrithe a mhealladh ó Bhallstáit eile. Dá bhrí sin, ba cheart EURES a úsáid chun folúntais a líonadh sula mbainfear úsáid as Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.**

Or. en

#### Leasú 4

#### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) Tá sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh seirbhísí a sholáthar d'fhostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha, **lena n-áirítear gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha, gníomhaireachtaí oibre sealadacha agus idirghabhálaithe sa mhargadh saothair mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún 181 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ó 1997.**

Leasú

(6) Tá sé mar aidhm ag Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh seirbhísí a sholáthar d'fhostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha, **a bhfuil oibríochtaí substainteacha gnó, seachas gníomhaíochtaí bainistíochta nó riaracháin nach bhfuil ach inmheánach, acu sa Bhallstát sin agus a bhfuil caidreamh fostaíochta díreach acu le fostaí ó thríú tír nó a bhfuil sé beartaithe acu an caidreamh sin a bheith acu. Níor cheart d'fhostóirí folúntais a aistriú chuig Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ach amháin má bhaineann na folúntais sin leis na hearnálacha ina bhfuil gníomhaíochtaí substainteacha gnó acu.**

Or. en

## Leasú 5

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Chun a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht leordhóthanach ar údaráis na mBallstát i nGrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha beirt ionadaithe an ceann a cheapadh, ionadaí amháin ó na húdaráis fostaíochta agus ionadaí amháin ó na húdaráis inimirce.

*Leasú*

(8) Chun a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht leordhóthanach ar údaráis na mBallstát i nGrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha beirt ionadaithe an ceann a cheapadh, ionadaí amháin ó na húdaráis fostaíochta agus ionadaí amháin ó na húdaráis inimirce. ***Ba cheart go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta in ann beirt ionadaithe an ceann a ainmniú do Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.***

Or. en

## Leasú 6

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 22

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir le gach gníomhaíocht a dhéantar i gcomhthéacs Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an gceart chun cóir chothrom chomhionann a fháil i ndáil le dálaí oibre, le pá íosta, le rochtain ar chosaint shóisialta, le hoiliúint agus le cosaint daoine óga ag an obair. I gcomhréir leis na prionsabail sin, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh fostaíocht ardchaighdeán a áirithiú.

*Leasú*

(22) Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir le gach gníomhaíocht a dhéantar i gcomhthéacs Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an gceart chun cóir chothrom chomhionann a fháil i ndáil le ***cearta oibríthe agus*** dálaí oibre, le pá íosta, le rochtain ar chosaint shóisialta, ***le gairmoideachas agus gairmoiliúint*** agus le cosaint daoine óga ag an obair. I gcomhréir leis na prionsabail sin, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh poist ardcháilíochta ***agus soghluaisteacht chothrom an lucht saothair*** a áirithiú. ***Tá rannpháirtíocht an Údaráis Eorpaigh Saothair rithábhachtach i ndáil leis sin.***

## Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 23

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(23) Leagtar amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ina "Prionsabail ghinearálta agus treoirlínte oibríochtúla maidir le hearcaíocht chóir" roinnt caighdeán maidir le cosaint leordhóthanach cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcoinne earcaíocht éagórach. Ba cheart d'fhostóirí dlí agus cleachtas an Aontais is infheidhme a chomhlíonadh. Ina theannta sin ba cheart do na fostóirí cóir chomhionann a áirithiú **do** chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha **i ndáil le náisiúnaigh na mBallstát** rannpháirteach i gcomhréir le Treoir 2011/98<sup>13</sup>, Treoir 2014/36/AE<sup>14</sup>, Treoir 2021/1883/AE<sup>15</sup>, agus Treoir 2016/801/AE<sup>16</sup>. I gcomhréir le Treoir 2019/1152/AE<sup>17</sup>, ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis i scríbhinn agus i dteanga intuigthe faoi na cearta agus na hoibleagáidí a thagann as an gcaidreamh fostaíochta ag tús na fostaíochta a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha. Ba cheart an áit agus an cineál oibre, fad na fostaíochta, an luach saothair, na huaireanta oibre, méid aon saoire le pá agus, i gcás inarb infheidhme, dálaí oibre ábhartha eile a áireamh san fhaisnéis sin. Níor cheart d'fhostóirí aon táillí earcaíochta a ghearradh ná toirmeasc a chur ar oibrí glacadh le post le fostóirí eile, lasmuigh den chlár oibre a chuirtear ar bun leis an bhfostóir, ná níor cheart dóibh caitheamh go díobhálach le hoibrí má dhéanann sé nó sí amhlaidh. Ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh Treoir 96/71/CE<sup>18</sup> arna leasú le Treoir 2018/957 a

*Leasú*

(23) Leagann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) roinn caighdeán amach ina 'prionsabail ghinearálta agus treoirlínte oibríochtúla maidir le hearcaíocht chóir' maidir le cosaint leordhóthanach cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha i gcoinne earcaíocht éagórach. Ba cheart d'fhostóirí dlí agus cleachtas an Aontais is infheidhme a chomhlíonadh. Ina theannta sin ba cheart do na fostóirí cóir chomhionann a áirithiú **idir** cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha **agus náisiúnaigh an Bhallstáit** rannpháirtigh i gcomhréir le Treoir 2011/98<sup>13</sup>, Treoir 2014/36/AE<sup>14</sup>, Treoir 2021/1883/AE<sup>15</sup>, agus Treoir 2016/801/AE<sup>16</sup>. **Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dTreoracha sin ag fostóirí.** I gcomhréir le Treoir 2019/1152/AE<sup>17</sup>, ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis i scríbhinn agus i dteanga intuigthe faoi na cearta agus na hoibleagáidí a thagann as an gcaidreamh fostaíochta ag tús na fostaíochta a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha. Ba cheart **gnátháit** oibre agus an cineál oibre, fad na fostaíochta, an luach saothair, na huaireanta oibre, méid aon saoire le pá, **an próifíl teanga arna hiarradh** agus, i gcás inarb infheidhme, dálaí oibre **agus fostaíochta** ábhartha eile a áireamh san fhaisnéis sin. **Níor cheart go mbeadh aon chostais ná táillí díreacha ná indíreacha ann do chuardaitheoirí poist ó thríú**

chomhlíonadh agus iad ag postú oibrithe faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, go háirithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a bhunaítear dá réir sin amhail an oibleagáid nach féidir oibrithe tríú tír a phostú chuig Ballstát ach amháin má tá siad fostaíthe go dlíthiúil agus de ghnáth i mBallstát eile.

***tíortha a bhaineann lena rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ná lena n-earcú.*** Níor cheart d'fhostóir aon táillí earcaíochta a ghearradh ná toirmeasc a chur ar oibrí glacadh le post le fhostóirí eile, lasmuigh den chlár oibre a chuirtear ar bun leis an bhfostóir, ná níor cheart dóibh caitheamh go díobhálach le hoibrí má dhéanann sé nó sí amhlaidh. ***Ba cheart don fhostóir na speansais taistil, an oiliúint teanga a cheanglaítear agus na costais a bhaineann leis an earcaíocht a íoc.*** Ba cheart d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh Treoir 96/71/CE arna leasú le Treoir 2018/957 a chomhlíonadh agus iad ag postú oibrithe faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, go háirithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a bhunaítear dá réir sin amhail an oibleagáid nach féidir oibrithe ó thríú tíortha a phostú chuig Ballstát ach amháin má tá siad fostaíthe go dlíthiúil agus de ghnáth i mBallstát eile.

---

<sup>13</sup> Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lgh. 1-9, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/98/oj?locale=ga>).

<sup>14</sup> Treoir 2014/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj?eliuri=eli%3Adir%3A2014%3A36%3Aoj&locale=ga>).

---

<sup>13</sup> Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/98/oj?locale=ga>).

<sup>14</sup> Treoir 2014/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha teacht isteach agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha (IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj?locale=ga>).



<sup>15</sup> Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2021/1883/oj?locale=ga>

<sup>16</sup> Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (athmhúnlú), IO L 132, 21.5.2016, lch. 21, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj?eliuri=eli%3Adir%3A2016%3A801%3Aoj&locale=ga#>).

<sup>17</sup> Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj?eliuri=eli%3Adir%3A2019%3A1152%3Aoj&locale=ga>

<sup>18</sup> Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibríthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj?eliuri=eli%3Adir%3A1996%3A71%3Aoj&locale=ga>).

<sup>15</sup> Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíocht dár gá ardcháilíochtaí, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2021/1883/oj?locale=ga>

<sup>16</sup> Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (athmhúnlú), IO L 132, 21.5.2016, lch. 21, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj?locale=ga>

<sup>17</sup> Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj?locale=ga>).

<sup>18</sup> Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibríthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj?locale=ga>)

Or. en

## Leasú 8

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 24

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(24) Chun meaitseáil ardchaighdeán a áirithiú, ba cheart do chuardaitheoirí poist cláráithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain a fháil ar liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist agus d'fholúntais phoist chláráithe atá molta bunaithe ar ábharthacht a scileanna, a gcáilíochtaí agus a dtaithí oibre don fholúntas poist. Gintear an liosta le huirlis mheaitseála uathoibríthe ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

(24) Chun meaitseáil ardchaighdeán a áirithiú, ba cheart do chuardaitheoirí poist cláráithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain a fháil ar liosta de phróifílí cuardaitheoirí poist agus d'fholúntais phoist chláráithe atá molta bunaithe ar ábharthacht a scileanna, a gcáilíochtaí agus a dtaithí oibre don fholúntas poist. Gintear an liosta le huirlis mheaitseála uathoibríthe ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. ***Ba cheart go mbeadh an deis ag cuardaitheoirí poist cláráithe ó thríú tíortha agus fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh cuardach a dhéanamh ar bhunachar sonraí Linn Tallainne an Aontais iad féin go neamhspleách. Ba cheart go mbeadh an deis ag na cuardaitheoirí poist an réigiún nó an Ballstát inar mhaith leo bheith ag obair a chur in iúl.***

Or. en

## Leasú 9

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 25

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Ba cheart d'ardán Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freastal ar riachtanais sheanbhunaithe ***ar an margadh*** saothair agus níor cheart dó feidhmiú mar bhealach chun an lucht saothair atá ann cheana a chur as áit nó chun difear diúltach a dhéanamh dó nó chun an bonn a bhaint d'obair chuibhiúil nó d'iomáiocht chóir ar

*Leasú*

(25) Ba cheart d'ardán Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freastal ar riachtanais sheanbhunaithe ***an mhargaidh*** saothair agus níor cheart dó feidhmiú mar bhealach chun an lucht saothair atá ann cheana a chur as áit nó chun difear diúltach a dhéanamh dó nó chun an bonn a bhaint d'obair chuibhiúil nó d'iomáiocht chóir ar

shlí eile. Chun tacú níos fearr le hiarrachtaí na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh díriú ar ghairmeacha sonracha **ar gach leibhéal scileanna**, bunaithe ar na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe **is coitianta san Aontas agus ar na** gairmeacha a bhfuil rannchuidiú **díreach** acu leis na haistrithe glasa agus digiteacha, **a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Chun na folúntais phoist a oiriúnú do riachtanais shonracha na margatí saothair náisiúnta agus chun liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghlacadh mar phointe tosaigh, ceadófar do na Ballstáit rannpháirteacha fógra a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir le gairmeacha sonracha ina bhfuil ganntanas oibrithe a chur leis nó a bhaint. Níor cheart go mbeadh tionchar ag fógraí den sórt sin ach ar na meaitseálacha le haghaidh folúntais phoist a thíolacfaidh an Ballstát faoi seach. Níor cheart go ndéanfaidh an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais ná fógraí na mBallstát** difear do phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais.

shlí eile. Chun tacú níos fearr le hiarrachtaí na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, ba cheart do Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh díriú ar ghairmeacha sonracha, bunaithe ar na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe **agus** gairmeacha a bhfuil rannchuidiú acu leis na haistrithe glasa agus digiteacha sna Ballstáit. Níor cheart go ndéanfaidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh difear do phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais **agus, dá bhri sin, níor cheart í a úsáid le haghaidh folúntas agus earcaíochta ach amháin mura féidir folúntas a líonadh trí earcaíocht san Aontas trí bhíthin seirbhísí náisiúnta fostaíochta agus trí thairseach EURES.**

Or. en

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 28**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(28) Ba cheart faisnéis a sholáthraítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla na mBallstát rannpháirteach ar a

*Leasú*

(28) Ba cheart faisnéis a sholáthraítear ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla na mBallstát rannpháirteach ar a laghad **agus, i gcás inarb iomchuí, i**

laghad.

*dteangacha oifigiúla na dtríú tíortha atá rannpháirteach sna Comhpháirtíochtaí Tallainne de chuid an Aontais.*

Or. en

## Leasú 11

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 30

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) Arna iarraidh sin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ***d'fhéadfadh*** Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise a sholáthar. Ba cheart a áireamh ar thacaíocht bhreise faisnéis shaincheaptha maidir le víosaí ábhartha agus ceadanna cónaithe chun críocha oibre sa Bhallstát rannpháirteach lena n-áirítear maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír amhail rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas agus tithíocht. Féadfar treoir shonrach agus faisnéis shonrach a sholáthar freisin maidir le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta bhaill teaghlaigh, agus bearta atá ann cheana chun comhtháthú a éascú sa Bhallstát óstach amhail cúrsaí teanga agus gairmoiliúint. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin freisin na sásraí sásaimh atá ar fáil do chásanna dúshaothraithe saothair agus do chleachtais earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis a sholáthar d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí a bhaineann le slándáil shóisialta, ***le bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, le cánachas, le saincheisteanna***

*Leasú*

(30) Arna iarraidh sin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ***ba cheart do*** Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise ***agus rochtain éasca ar fhaisnéis*** a sholáthar, ***chomh maith le nascleanúint iomasach ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun go bhféadfaidh cuardaitheoirí poist iad féin a chlárú gan cúnamh ó thríú páirtithe***. Ba cheart a áireamh ar thacaíocht bhreise faisnéis shaincheaptha maidir le víosaí ábhartha agus ceadanna cónaithe chun críocha oibre sa Bhallstát rannpháirteach lena n-áirítear maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír amhail rochtain ar shochair shóisialta, cúnamh sláinte, oideachas agus tithíocht. Féadfar treoir shonrach agus faisnéis shonrach a sholáthar freisin maidir le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh agus cearta baille teaghlaigh, agus maidir le bearta atá ann cheana chun comhtháthú a éascú sa Bhallstát óstach amhail cúrsaí teanga agus gairmoiliúint. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin freisin na sásraí sásaimh atá ar fáil do chásanna dúshaothraithe saothair agus do chleachtais earcaíochta éagóracha sna Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis a sholáthar ***do Ghrúpa Stiúrtha Linn***

*a bhaineann le conarthaí oibre, le teidlíochtaí pinsin agus le hárachas sláinte.*

*Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir le cásanna dúshaothraithe saothair agus cleachtais éagóracha earcaíochta agus ba cheart dóibh fostóirí n-aimsítear go bhfuil siad rannpháirteach sa dúshaothrú sin nó sna cleachtais sin a eisiamh ó Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis a sholáthar d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí a bhaineann le slándáil shóisialta, lena n-áirítear teidlíochtaí pinsin agus árachas sláinte, chomh maith le bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, le cánachas, le saincheisteanna a bhaineann le conarthaí fostaíochta agus dálaí oibre.*

Or. en

## Leasú 12

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 30 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(30a) Is féidir ról tábhachtach a bheith ag líonraí tacaíochta d'oibríthe taistil ag eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta maidir le faisnéis a sholáthar do náisiúnaigh tríú tír agus soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a chur chun cinn. Ba cheart go bhfaigheadh na líonraí sin cistiú leordhóthanach.*

Or. en

## Leasú 13

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 33

(33) *Chun cuspoirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh maidir le hearcaíocht idirnáisiúnta a éascú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun an Rialachán seo a leasú maidir leis an Iarscríbhinn ina soláthraítear liosta de ghairmeacha ina bhfuil ganntanais ar fud an Aontais. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>19</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a úirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.*

*scriosta*

---

<sup>19</sup> *Comhaontú Idirinstiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/agree\\_interinstit/2016/512/oj](http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).*

Or. en

*Réasúnú*

*Scriostar an aithris toisc go scriostar an Iarscríbhinn.*

## Leasú 14

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 36

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(36) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha, agus comhlíontar leis na prionsabail, a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE.

*Leasú*

(36) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha, agus comhlíontar leis na prionsabail, a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ***lena n-áirítear an ceart chun cómhargála agus chun caingne*** i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE.

Or. en

## Leasú 15

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 2 – pointe d a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(da) cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne agus cosaint chearta na gcuardaitheoirí poist a úsáideann nó a d'úsáid Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

(da) cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne agus cosaint chearta na gcuardaitheoirí poist a úsáideann nó a d'úsáid Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Or. en

## Leasú 16

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus maidir le fostóirí atá bunaithe sna

*Leasú*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas agus maidir le fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit rannpháirteacha ***agus a bhfuil***

Ballstáit rannpháirteacha.

*oibríochtaí substainteacha gnó acu sa Bhallstát sin. Ní úsáidfeadh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le haghaidh folúntas agus earcaíochta ach amháin mura féidir folúntas a líonadh trí earcaíocht san Aontas trí bhithin seirbhísí náisiúnta fostaíochta ná trí thairseach EURES.*

Or. en

Leasú 17

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 2 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1a. Beidh an fhaisnéis uile a sholáthróidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar fáil ar bhealach soiléir cuimsitheach soláimhsithe, lena n-áirítear formáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus na ceanglais inrochtaineachta ábhartha mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/2102<sup>1a</sup> agus i dTreoir (AE) 2019/882<sup>1b</sup> á n-urramú.*

---

*<sup>1a</sup> Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin agus fheidhmchláir mhóibíleacha chomhlachtaí na hearnála poiblí.*

*<sup>1b</sup> Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.*

Or. en



## Leasú 18

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1b.** Tá an Rialachán seo gan dochar do cheanglais an Aontais agus do cheanglais náisiúnta maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde chomh maith le ceanglais maidir le sábháilteacht oibríochtúil.

Or. en

## Leasú 19

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 c (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1c.** Tá an Rialachán seo gan dochar do reachtaíocht earnáilsonrach.

Or. en

## Leasú 20

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Féadfaidh aon Bhallstát a chinneadh, tráth ar bith, a bheith rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina chinneadh 9 mí ar a dhéanaí roimh an dáta a mbeidh sé ar intinn aige a bheith rannpháirteach. ***Ón gcéad lá rannpháirtíochta, féadfar folúntais fostaíochta*** fostóirí atá bunaithe sa Bhallstát ***sin a aistriú*** chuig ardán TF

1. Féadfaidh aon Bhallstát a chinneadh, ***tar éis dul i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta***, tráth ar bith, a bheith rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina chinneadh 9 mí ar a dhéanaí roimh an dáta a mbeidh sé ar intinn aige a bheith rannpháirteach. Féadfaidh fostóirí ***clárúithe a bhfuil oibríochtaí substainteacha gnó, seachas***

Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*gníomhaíochtaí bainistíochta nó riaracháin nach bhfuil ach inmheánach, acu atá bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann folúntais a aistriú* chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Or. en

## Leasú 21

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a.** Féadfaidh Ballstát rannpháirteach a rannpháirtíocht cinneadh a dhéanamh tarraingt siar ó Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tráth ar bith. Tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoin gcinneadh sin 6 mhí ar a laghad roimh an dáta a bheidh sé ar intinn aige tarraingt siar.

Or. en

## Leasú 22

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(2) ciallaíonn “cuardaitheoir poist ó thríú tír” duine a bhfuil cónaí air nó uirthi lasmuigh den Aontas nach saoránach de chuid an Aontais é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE agus a bhfuil fostaíocht á lorg aige nó aici san Aontas;

(2) ciallaíonn ‘cuardaitheoir poist ó thríú tír’ duine **nádúrtha** a bhfuil cónaí air nó uirthi lasmuigh den Aontas nach saoránach de chuid an Aontais é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE agus a bhfuil fostaíocht á lorg aige nó aici san Aontas;

Or. en

## Leasú 23

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3) ciallaíonn “fostóir” aon duine nádúrtha, nó aon eintiteas dlítheanach, atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach **ar faoina stiúradh nó faoina mhaoirseacht a dhéantar an fhostaíocht chomh maith le gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha, gníomhaireachtaí oibre sealadacha agus idirghabhálaithe sa mhargadh saothair;**

*Leasú*

(3) ciallaíonn ‘fostóir’ aon duine nádúrtha, nó aon eintiteas dlítheanach, atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach **agus a bhfuil oibríochtaí substainteacha gnó, seachas gníomhaíochtaí bainistíochta nó riaracháin nach bhfuil ach inmheánach, aige nó aici agus a bhfuil caidreamh fostaíochta díreach aige nó aici le cuardaitheoir poist ó thríú tír sa Bhallstát sin, nó a bhfuil sé beartaithe aige nó aici an caidreamh sin a bheith aige nó aici;**

Or. en

## Leasú 24

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3a) **ciallaíonn ‘seirbhísí poiblí fostaíochta’ eagraíochtaí na mBallstát, agus iad mar chuid d’údaráis phoiblí ábhartha, de chomhlachtaí poiblí nó de chorparáidí a thagann faoin dlí poiblí, atá freagrach as beartais ghníomhacha i ndáil le margadh an tsaothair a chur chun feidhme agus as seirbhísí fostaíochta ardcháilíochta a chur ar fáil chun leas an phobail;**

Or. en

## Leasú 25

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(5a) ciallaíonn ‘folúntas’ tairiscint fostaíochta lena gceadófaí do chuardaitheoir poist, dá líonfaí é, caidreamh fostaíochta neamhiata a bhunú le haghaidh post lánaimseartha sa Bhallstát ina bhfuil an fostóir rannpháirteach bunaithe agus ina mbeidh an cuardaitheoir poist ag obair de ghnáth.**

Or. en

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 5 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear an uirlis mheaitseála uathoibríthe ar bun ar bhealach nach mbeidh mar thoradh uirthi aon chlaontacht ná cleachtais idirdhealaitheacha atá ann cheana a mhacasamhlú.**

Or. en

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 6 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Ní fhéadfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí pearsanta cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus sonraí pearsanta fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a phróiseáil ach a mhéid is gá chun a cúraimí a chomhlíonadh de

1. Ní fhéadfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sonraí pearsanta cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus sonraí pearsanta fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a phróiseáil ach a mhéid is gá, **lena dtoiliú sainráite**, chun a cúraimí

bhun Airteagal 8. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun na críche sin, feidhmeoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar rialaitheoir sonraí, de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725.

a chomhlíonadh de bhun Airteagal 8. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun na críche sin, feidhmeoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar rialaitheoir sonraí, de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725.

Or. en

## Leasú 28

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áireofar i bpróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ainm, sloinne, sonraí teagmhála, dáta breithe agus náisiúntacht, faisnéis faoi cháilíochtaí acadúla agus gairmiúla, taithí oibre, scileanna eile agus eolas teanga. Áireofar ainm, sloinne **agus** sonraí teagmhála i bhfolúntais phoist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

3. Áireofar i bpróifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ainm, sloinne, sonraí teagmhála, dáta breithe agus náisiúntacht, faisnéis faoi cháilíochtaí acadúla agus gairmiúla, taithí oibre, scileanna eile agus eolas teanga. Áireofar ainm, sloinne, sonraí teagmhála, **earnáil gníomhaíocht, cur síos ar oibríochtaí agus cláruimhir na cuideachta** i bhfolúntais phoist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

Or. en

## Leasú 29

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Déanfar próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha nach bhfuarthas rochtain orthu ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chlárú a bpróifílí a bhaint nó a anaithnidiú agus ní stórálfar aon sonraí pearsanta. Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí

*Leasú*

6. Déanfar próifílí cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha nach bhfuarthas rochtain orthu ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chlárú a bpróifílí a bhaint nó a anaithnidiú agus ní stórálfar aon sonraí pearsanta. **Cuirfear na cuardaitheoirí poist lena mbaineann ar an eolas roimh aon bheart**

anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh chomh maith le sonraí a bhaint amach chun feidhmiú Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fheabhsú.

*den sórt sin. Déanfar próifílí fostóirí cláraithe nach bhfuarthas rochtain orthu ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chlárú a bpróifílí a bhaint nó a anaithnidiú agus ní stórálfar aon sonraí pearsanta. Cuirfear na fostóirí lena mbaineann ar an eolas sula ndéanfar aon ghníomhaíocht den sórt sin. Nuair a bhaintear próifílí, d'fhéadfaí leanúint de thacar teoranta sonraí anaithnidithe a stóráil chun críocha taighde agus staidrimh chomh maith le sonraí a bhaint amach chun feidhmiú Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a fheabhsú. Bainfear folúntais atá ar oscailt ar feadh tréimhse bliana.*

Or. en

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 8a*

*Bunú agus comhdhéanamh Ghrúpa  
Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais  
Eorpaigh*

*1. Bunaítear Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Is iad seo a leanas na daoine a bheidh ann:*

*(a) beirt chomhaltaí ó gach Ballstát rannpháirteach;*

*(b) beirt chomhaltaí a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gCoimisiún;*

*(c) ceathrar comhaltaí a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an Aontais, a dhéanann ionadaíocht chomhionann thar ceann ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí.*

*2. Ceapfar comhaltaí Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais*

*Eorpaigh ar bhonn a gcuid eolais ábhartha i réimse na fostaíochta agus na hinimirce. Beidh sé mar aidhm ag na páirtithe uile cothromaíocht inscne a bhaint amach i nGrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.*

*3. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh páirt a ghlacadh i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar bhreathnóirí. Féadfaidh ionadaithe ón Údarás Eorpach Saothair, ón Lárionad um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus ón bhFhondúireacht Eorpach Oiliúna páirt a ghlacadh freisin i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar bhreathnóirí. Ina theannta sin, féadfaidh ionadaithe na n-eagraíochtaí do chomhpháirtithe sóisialta earnálacha ar leibhéal an Aontais a bheith rannpháirteach i gcruinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar bhreathnóirí. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa saineolaí neamhspleách amháin a cheapadh mar bhreathnóir ar Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chinneadh freisin cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara ábhartha eile mar bhreathnóirí chuig a chruinnithe.*

*4. Déanfaidh gach comhalta agus gach breathnóir de Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ráiteas i scríbhinn a shíniú an tráth a rachaidh siad in oifig á dhearbhuí nach bhfuil coinbhleacht leasa ann ina leith. Déanfaidh gach comhalta an ráiteas a nuashonrú i gcás ina dtiocfaidh athrú ar imthosca maidir le haon choinbhleacht leasa. Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na ráitis agus na nuashonruithe ar a suíomh gréasáin.*

Or. en

## *Réasúnú*

*Tugtar isteach an t-airteagal nua seo chun comhdhéanamh agus feidhmiú Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a dheighilt go soiléir. Amhail i gcás gníomhaireachtaí an Aontais, ba cheart comhpháirtithe sóisialta trasearnála agus Parlaimint na hEorpa a áireamh sa Ghrúpa Stiúrtha.*

### **Leasú 31**

#### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

*Leasú*

***Feidhmeanna*** Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

Or. en

### **Leasú 32**

#### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. ***Bunaítear Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.*** Tá Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freagrach as:

*Leasú*

1. Tá Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freagrach as:

Or. en

### **Leasú 33**

#### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) ***tacaíocht a sholáthar do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus an liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe***

*Leasú*

***scriosta***



*ar fud an Aontais Eorpaigh á ullmhú de bhun Airteagal 14;*

Or. en

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 9 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2. *Is iad na Ballstáit rannpháirteacha amháin a bheidh ina mbaill de Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh páirt a ghlacadh i gcrúinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar bhreathnóirí.***

***scriosta***

Or. en

*Réasúnú*

*Cumhdaítear seo leis an Airteagal nua.*

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 9 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4. *Beidh sé de cheart ag ionadaithe na n-eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail ar leibhéal an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcrúinnithe Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ionadaíocht bheirt rannpháirtithe ó cheardchumann agus ionadaíocht bheirt***

***scriosta***

*rannpháirtithe ó eagraíochtaí fostóirí a áirithiú. Síneoidh na hionadaithe sin ráiteas i scríbhinn á dhearbhú nach bhfuil siad i staid coinbhleachta leasa.*

Or. en

### *Réasúnú*

*Cumhdaítear seo leis an Airteagal nua.*

## **Leasú 36**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Ainmneoidh gach Ballstát rannpháirteach Pointe Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. ***Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go gceapfar*** údaráis ábhartha ó réimse na fostaíochta agus na hinimirce ***mar Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.***

*Leasú*

1. Ainmneoidh gach Ballstát rannpháirteach Pointe Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, ***ina mbeidh*** údaráis ábhartha ó réimse na fostaíochta agus na hinimirce, ***seirbhísí poiblí fostaíochta chomh maith le comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta rannpháirteach.***

Or. en

## **Leasú 37**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) clárlann a choinneáil d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh;

*Leasú*

(d) ***comhlíonadh na gceanglas maidir le clárú agus rannpháirtíocht a fhíorú chomh maith le*** clárlann a choinneáil d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ***agus maoirseacht a dhéanamh ar cháilíocht na bhfolúntas, lena n-áirítear an fhorúil a leagtar síos in Airteagal 13(3);***

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 10 – mír 2 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) rochtain fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fionraí agus a bhfolúntais poist a bhaint d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcás ina ndéanfar sárú ar an dlí agus ar an gcleachtas ábhartha de bhun Airteagal 13(3) a chur in iúl do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ag na húdaráis náisiúnta ábhartha atá freagrach as an dlí agus an cleachtas ábhartha a fhorfheidhmiú;

*Leasú*

(e) rochtain fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar fionraí agus a bhfolúntais poist a bhaint d'ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcás ina ndéanfar sárú ar an dlí agus ar an gcleachtas ábhartha de bhun Airteagal 13(3) i gcás ina gcuirtear in iúl do Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ag na húdaráis náisiúnta ábhartha **nó comhpháirtithe sóisialta** atá freagrach as an dlí agus an cleachtas ábhartha a fhorfheidhmiú;

Or. en

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 10 – mír 2 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) seirbhísí faisnéise agus tacaíochta a sholáthar do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 17.

*Leasú*

(g) seirbhísí faisnéise agus tacaíochta a sholáthar **i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta** do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 17.

Or. en

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 10 – mír 2 – pointe g a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ga) gairmeacha ina bhfuil ganntanas náisiúnta oibrithe a shainaithint chun críoch Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.**

Or. en

*Réasúnú*

*In ionad liosta uile-Aontais, ba cheart gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a shainiú ar leibhéal na mBallstát. Scriostar an iarscríbhinn dá réir sin.*

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 10 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. Leanfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bheith neodrach le linn díospóidí cómhargála, amhail stailceanna nó frithdhúnadh i gcomhréir leis an dlí saothair is infheidhme. Cuirfidh siad próisis earcaíochta atá ar siúl go fóill ar feitheamh agus ní aistreoidh siad aon fholúntas a bhaineann leis an díospóid go dtí go socrófar í.**

Or. en

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 11 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. **Féadfaidh** cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha a bpróifílí a chruthú trí thógálaí próifíle Europass **chun clárú ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh**.

*Leasú*

1. **Cruthóidh** cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha **ar mian leo clárú ar Ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh** a bpróifílí trí thógálaí próifíle Europass.

Or. en

## **Leasú 43**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh folúntais a chuardach.

*Leasú*

4. Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá cláraithe in ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh folúntais **ardcháilíochta arna dtairiscint ag fostóirí ó na Ballstáit rannpháirteacha** a chuardach.

Or. en

## **Leasú 44**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallann a chinneadh brath ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun earcú cuardaitheoirí poist ón tríú tír sin a ndearnadh a gcuid scileanna a fhorbairt nó a bhailíochtú faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallann sin agus arna dheimhniú le "pas Comhpháirtíochta Tallann an Aontais Eorpaigh" a éascú.

*Leasú*

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha atá rannpháirteach i gComhpháirtíocht Tallainne a chinneadh brath ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun earcú cuardaitheoirí poist ón tríú tír sin a ndearnadh a gcuid scileanna a fhorbairt nó a bhailíochtú faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Tallainne sin agus arna dheimhniú le 'pas Comhpháirtíochta Tallainne an Aontais Eorpaigh' a éascú, **ar choinníoll go bhfuil poist ardcháilíochta**

*ar fáil dóibh.*

Or. en

## Leasú 45

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Rannpháirtíocht fostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

*Leasú*

**Clárú agus** rannpháirtíocht fostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh

Or. en

## Leasú 46

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Féadfaidh fostóirí ar spéis leo páirt a ghlacadh i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a iarraidh ar an bPointe Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe a bhfolúntais poist a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

1. Féadfaidh fostóirí ar spéis leo páirt a ghlacadh i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a iarraidh ar an bPointe Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ***nó ar an tseirbhís phoiblí fostaíochta*** sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe a bhfolúntais a aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. ***Ní aistreoidh fostóirí folúntais ach amháin má bhaineann na folúntais sin leis na hearnálacha ina bhfuil gníomhaíochtaí substainteacha gnó acu.***

Or. en

## Leasú 47

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1a. Déanfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh seiceálacha, in éineacht leis na húdaráis náisiúnta ábhartha de réir mar is iomchuí, a bhaineann leis na fostóirí sula gclárófar agus sula ngníomhachtófar a bpróifíl. Áireofar leis na seiceálacha sin seiceáil a dhéanamh ar aon riaráiste maidir le híocaíochtaí tuarastail, íocaíochtaí slándála sóisialta agus íocaíochtaí cánach, chomh maith le haon taifead coiriúil ar an duine nádúrtha atá i gceannas ar an ngnóthas. Déanfar an fforú arís gach dhá bhliain tar éis don fhostóir a bheith cláraithe.***

Or. en

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 13 – mír 2 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ba) tá siad postáilte cheana féin ar EURES, ach tá siad fós folamh.***

Or. en

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 13 – mír 2 – pointe b b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(bb) dlí agus cleachtas an Aontais agus an dlí agus an cleachtas náisiúnta a chomhlíonadh maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.***

## Leasú 50

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Comhlíonfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dlí agus cleachtas ábhartha an Aontais agus an dlí agus an cleachtas náisiúnta chun cosaint náisiúnach tríú tír i gcoinne earcaíocht éagórach **agus** dálaí oibre neamhleora a áirithiú **chomh maith le neamh-idirdhealú**. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha **coinníollacha breise a thabhairt isteach maidir le rannpháirtíocht** na bhfostóirí i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **chun a áirithiú go gcomhlíonfar** cleachtais náisiúnta ábhartha **eile**, comhaontuithe comhchoiteanna **agus na prionsabail agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, i gcomhréir le dlí an Aontais**.

*Leasú*

Comhlíonfaidh fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh dlí agus cleachtas ábhartha an Aontais agus an dlí agus an cleachtas náisiúnta, **lena n-áirítear na comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme, chomh maith le Prionsabail Ghinearálta agus Treoirlínte Oibríochtúla EIS maidir le hEarcaíocht Chothrom**, chun cosaint náisiúnach tríú tír ar earcaíocht éagórach, dálaí oibre neamhleora **agus idirdhealú** a áirithiú. **Áiritheoidh** na Ballstáit rannpháirteacha **go gcomhlíonfaidh** fostóirí **atá rannpháirteach** i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **an dlí** agus **cleachtas** náisiúnta ábhartha, **agus go n-urramóidh siad cearta oibríthe, lena n-áirítear an tsaoirse comhlachais agus cleamhnachta, an ceart dul ar stailc agus gníomhaíocht thionsclaíoch a dhéanamh, agus an ceart** comhaontuithe comhchoiteanna **a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích**.

Or. en

## Leasú 51

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Ní ghearrfaidh fostóirí atá rannpháirteach i** Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **táillí ar chuardaitheoirí**

*Leasú*

**Beidh úsáid** Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **saor in aisce do** chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha **agus ní bheidh aon**



poist *cláraithe* ó thríú tíortha chun críche na hearcaíochta.

*táillí díreacha ná indíreacha ann* chun críche na hearcaíochta. *Is é an fostóir a chumhdóidh na speansais taistil, an oiliúint teanga is gá agus na speansais a bhaineann le hearcaíocht.*

Or. en

## Leasú 52

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Beidh folúntais poist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le feiceáil ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

4. Beidh folúntais poist fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le feiceáil ag cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. *Áireofar le gach folúntas poist, ar a laghad, an ghnátháit oibre agus an cineál oibre, earnáil na gníomhaíochta, míniú ar oibríocht an fhostóra, na riachtanais i leith cáilíochtaí, na príomhchúraimí, cineál agus fad na fostaíochta, an luach saothair, an t-am oibre agus na huaireanta oibre, méid na saoire le pá, an próifíl teanga a iarradh agus, i gcás inarb infheidhme, dálaí oibre agus fostaíochta ábhartha eile.*

Or. en

## Leasú 53

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an dlí agus as an gcleachtas ábhartha sna Ballstáit rannpháirteacha Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn

*Leasú*

6. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an dlí agus as an gcleachtas ábhartha sna Ballstáit rannpháirteacha Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn

Tallainne an Aontais Eorpaigh ar an eolas láithreach maidir le haon sáruihte ar fhorálacha an dlí agus an chleachtas ábhartha a leagtar amach i mír 3 chun críocha Airteagal 10(2), pointe (e).

Tallainne an Aontais Eorpaigh ar an eolas láithreach maidir le haon sáruihte ar fhorálacha an dlí agus an chleachtas ábhartha a leagtar amach i mír 3 chun críocha Airteagal 10(2), pointe (e).

***Coimeádfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh clár de na sáruihte sin ionas nach dtarlóidh siad arís. Maidir le fostóirí ar cuireadh smachtbhannaí orthu as gníomhaíochtaí coiriúla nó as sáruihte ar na caighdeáin saothair is infheidhme nó ar dhlí nó cleachtas ábhartha an Aontais nó an dlí nó an cleachtas náisiúnta ábhartha, diúltófar rochtain dóibh ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, nó cuirfear ar fionraí iad uathu, go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta an chinnidh lena ndéanfaí an rochtain a dhiúltú nó iad a chur ar fionraí.***

Or. en

Leasú 54

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 14**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

#### ***Airteagal 14***

***scriosta***

***Liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibríthe ar fud an Aontais***

***1. Chun críche an Rialacháin seo, leagtar amach san Iarscríbhinn liosta de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibríthe ar fud an Aontais ar leibhéal 4-dhigit ISCO-08.***

***Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 21 chun an Iarscríbhinn a leasú, i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:***

***(a) gairmeacha ina bhfuil ganntanas***

*oibrithe is coiteann do líon suntasach  
Ballstát rannpháirteach mar a chuir  
Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn  
Tallainne an Aontais Eorpaigh in iúl do  
Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais  
Eorpaigh de bhun Airteagal 10(2)(c);*

*(b) gairmeacha a chuireann go  
díreach le haistriú glas agus le haistriú  
digiteacha an Aontais agus ar dócha go  
dtiocfaidh méadú ar a dtábhacht.*

*2. Foilseoidh Rúnaíocht Linn  
Tallainne an Aontais Eorpaigh an liosta  
de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas  
oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh ar  
ardán TF Linn Tallainne an Aontais  
Eorpaigh.*

Or. en

*Réasúnú*

*Scriostar an tAirteagal toisc go scriostar an Iarscríbhinn. Ba cheart do na Ballstáit liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a chruthú.*

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 15**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 15*

*scriosta*

*Coigeartuithe náisiúnta ar an liosta uile-  
Aontais de na gairmeacha ina bhfuil  
ganntanas oibrithe*

*1. Féadfaidh na Ballstáit  
rannpháirteacha a chinneadh gairmeacha  
ina bhfuil ganntanas oibrithe a chur leis  
ar leibhéal 4-dhigit ISCO-08, chun a  
riachtanais shonracha sa mhargadh  
saothair a shásamh. Féadfaidh siad a  
chinneadh freisin gairmeacha ina bhfuil  
ganntanas oibrithe a bhaint den liosta ar  
fud an Aontais i gcás nach bhfreagraíonn  
na gairmeacha sin dá riachtanais*

*shonracha sa mhargadh saothair. Ní dhéanfaidh na coigeartuithe tírshonracha difear ach do mheaitseáil folúntas sa Bhallstát lena mbaineann.*

*Tabharfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de chuid na mBallstát a thugann fógra faoina rannpháirtíocht i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 3 fógra faoi aon bhreiseanna ar liosta uile an Aontais Eorpaigh de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe nó faoi aon aistriú uathu 3 mhí ar a dhéanaí sula rachaidh siad isteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.*

*Tabharfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh de chuid na mBallstát rannpháirteach fógra faoi aon bhreiseanna ar liosta uile an Aontais Eorpaigh de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe nó faoi aon aistriú uathu laistigh de 3 mhí tar éis na leasuithe ar an Iarscríbhinn.*

*Féadfaidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh fógra a thabhairt do Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh maidir le tuilleadh breiseanna agus aistrithe ó liosta uile an Aontais Eorpaigh de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe uair amháin sa bhliain ar a mhéad.*

*2. Foilseoidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na coigeartuithe ar liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh ar thug Pointí Teagmhála um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh fógra ina leith ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.*

*3. Ní aistreoidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ach amháin na folúntais poist sin a chomhfhreagraíonn do liosta uile an Aontais Eorpaigh de na gairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe agus na coigeartuithe dá dtagraítear i*

*mír 1 á gcur san áireamh.*

Or. en

### *Réasúnú*

*Scriostar an tAirteagal toisc go scriostar an Iarscríbhinn. Ba cheart do na Ballstáit liosta na ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a chruthú.*

## **Leasú 56**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 16 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Féadfaidh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha folúntais phoist a chuardach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus rochtain a fháil ar liosta d'fholúntais phoist ábhartha mholta arna nginiúint ag an uirlis mheaitseála uathoibrithe.

*Leasú*

4. Féadfaidh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha folúntais a chuardach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh agus rochtain a fháil ar liosta d'fholúntais ábhartha mholta arna nginiúint ag an uirlis mheaitseála uathoibrithe.  
***Féadfaidh cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha agus fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh an Linn Tallainne a chuardach go neamhspleách freisin.***

Or. en

## **Leasú 57**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh:

*Leasú*

Cuirfidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, le tacaíocht ó Phointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ***agus i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta***, an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh:

## Leasú 58

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) faisnéis maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus inimirce, ***aitheantas*** do cháilíochtaí agus bailíochtú scileanna, cearta náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear maidir ***leis*** na sásraí sásaimh atá ar fáil ***chomh maith le faisnéis*** maidir le dálaí maireachtála agus oibre sna Ballstáit rannpháirteacha;

*Leasú*

(a) faisnéis maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus inimirce ***cothrom, maidir le haitheantas*** do cháilíochtaí agus bailíochtú scileanna, ***maidir le cearta oibríthe agus ceardchumann, maidir le cearta náisiúnach tríú tír***, lena n-áirítear maidir ***le rochtain ar an gceartas agus*** na sásraí sásaimh atá ar fáil, ***agus maidir leis na heagraíochtaí ábhartha a thacaíonn le náisiúnaigh tríú tír agus*** maidir le dálaí maireachtála agus oibre sna Ballstáit rannpháirteacha;

Or. en

## Leasú 59

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 17 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Arna iarraidh sin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, soláthróidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise, agus cúnamh iar-roghnúcháin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

*Leasú*

2. Arna iarraidh sin do chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, soláthróidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh tacaíocht bhreise, ***comhairle*** agus cúnamh iar-roghnúcháin do chuardaitheoirí poist cláraithe ***agus oibríthe*** ó thríú tíortha, ***i dteanga an chuardaitheora poist nó an oibrí féin i gcás inarb ábhartha***, agus d'fhostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

## Leasú 60

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 17 – mír 2 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) faisnéis shonrach maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír lena n-áirítear rochtain ar shochair shóisialta, **cúnamh** sláinte, oideachas, tithíocht, aitheantas do cháilíochtaí agus **an sásra gearán** de bhun Airteagal 18;

*Leasú*

(c) faisnéis shonrach maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír lena n-áirítear rochtain ar shochair shóisialta, **cúram** sláinte, oideachas, tithíocht, aitheantas do **scileanna agus do** cháilíochtaí agus **na sásraí gearáin agus sásaimh** de bhun Airteagal 18;

Or. en

## Leasú 61

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 17 – mír 2 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) i gcás ina bhfuil siad ar fáil, sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí sin a bhfuil cúnamh iar-earcaíochta á thairiscint acu do náisiúnaigh tríú tír.

*Leasú*

(e) i gcás ina bhfuil siad ar fáil, sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí sin a bhfuil **tacaíocht agus** cúnamh iar-earcaíochta á dtairiscint acu do náisiúnaigh tríú tíortha, **amhail ceardchumainn, eagraíochtaí fostóirí agus comhlachais tráchtála.**

Or. en

## Leasú 62

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 17 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás inarb ábhartha, tarchuirfidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn

*Leasú*

3. I gcás inarb ábhartha, tarchuirfidh Pointí Teagmhála Náisiúnta um Linn

Tallainne an Aontais Eorpaigh iarrataí ar fhaisnéis, ar threoir agus ar thacaíocht chuig údarais inniúla náisiúnta eile agus, más infheidhme, chuig comhlachtaí iomchuí eile ar an leibhéal náisiúnta lena dtacaítear le comhtháthú náisiúnach tríú tír ar an margadh saothair.

Tallainne an Aontais Eorpaigh iarrataí ar fhaisnéis, ar threoir agus ar thacaíocht chuig údarais inniúla náisiúnta eile agus, más infheidhme, chuig comhlachtaí iomchuí eile ar an leibhéal náisiúnta, **lena n-áirítear líonraí tacaíochta trasnáisiúnta d'oibrithe taistil ó eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta**, lena dtacaítear le comhtháthú náisiúnach tríú tír ar an margadh saothair.

Or. en

### Leasú 63

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 18 – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Gearáin a éascú

*Leasú*

Gearáin **agus sásamh** a éascú

Or. en

### Leasú 64

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 18 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go mbeidh sásraí éifeachtacha ann trína bhféadfaidh cuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha gearáin a thaisceadh i gcás ina sáraíonn na fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na hoibleagáidí agus na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13(3).

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go mbeidh sásraí **inrochtana**, éifeachtacha **agus tráthúla** ann trína bhféadfaidh cuardaitheoirí poist **agus oibrithe** cláraithe ó thríú tíortha, **a n-ionadaithe nó a gcomhpháirtithe sóisialta** gearáin a thaisceadh i gcás ina sáraíonn na fostóirí atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh na hoibleagáidí agus na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13(3) **agus forálacha ábhartha eile. Déanfar an gearánach a chosaint ar aon fhrithbheart nó ar aon iarmhairtí díobhálacha eile mar**



*thoradh ar ghearán.*

Or. en

## Leasú 65

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 18 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le sásraí sásaimh atá ar fáil go héasca.

*Leasú*

2. Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha faisnéis maidir le sásraí ***gearáin agus*** sásaimh atá ar fáil go héasca ***i dteangacha is féidir le náisiúnaigh tríú tíortha a thuiscint nó a mbeifí ag súil leis go réasúnta go dtuigfeadh náisiúnaigh tríú tíortha iad.***

Or. en

## Leasú 66

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 18 – mír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***2a. Cuirfidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rochtain fostóra atá rannpháirteach i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ar fionraí agus bainfidh siad folúntais an fhostóra sin d’ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a luaithe a chuirfear in iúl dóibh gur sháraigh an fostóir sin na hoibleagáidí agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(3). Soláthróidh Pointí Teagmhála Náisiúnta Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faisnéis maidir leis na sárúithe sin, agus bearta ábhartha arna ndéanamh, do Ghrúpa Stiúrtha Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh freisin.***

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 19 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh nósanna imeachta inimirce luathaithe a chur i bhfeidhm chun earcú níos tapúla a dhéanamh ar chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a roghnaíodh le haghaidh folúntais poist i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a chinneadh nósanna imeachta inimirce luathaithe a chur i bhfeidhm chun earcú níos tapúla a dhéanamh ar chuardaitheoirí poist cláraithe ó thríú tíortha a roghnaíodh le haghaidh folúntais poist i Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. ***D'fhéadfaí a áireamh leis na nósanna imeachta sin víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil chun críocha oibre.***

Or. en

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 19 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. ***Féadfaidh an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas a chumhdach:***

***(a) víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil chun críocha oibre;***

***(b) an díolúine ó phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais maidir le folúntais poist arna n-aistriú chuig ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.***

*Leasú*

***scriosta***

Or. en

## Leasú 69

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 20 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (e). Go háirithe, baileofar sonraí maidir leis an méid seo a leanas:

*Leasú*

1. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (e). Go háirithe, baileofar sonraí ***imdhealaithe ó thaobh inscne de*** maidir leis an méid seo a leanas:

Or. en

## Leasú 70

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 20 – mír 1 – pointe f a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (e). Go háirithe, baileofar sonraí maidir leis an méid seo a leanas:

*Leasú*

***(fa) liosta poiblí d'fhostóirí a bhfuil a rochtain ar ardán TF Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh curtha ar fionraí mar thoradh ar shárú ar na hoibleagáidí agus ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13(3) agus forálacha úbhartha eile.***

Or. en

## Leasú 71

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 20 – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faireachán rialta ar fheidhmíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (e). Go háirithe, baileofar sonraí maidir leis an méid seo a leanas:

*Leasú*

***1a. Déanfaidh Rúnaíocht Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh faireachán ar an tionchar a bheidh ag earcú cuardaitheoirí poist ó thríú tíortha***

Leasú 72

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 21**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 21***

***scriosta***

***An tarmligean a fheidhmiú***

- 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.***
- 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5-bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.***
- 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé***

*difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.*

*4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.*

*5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.*

*6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 14 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.*

Or. en

#### *Réasúmú*

*Scriostar an tAirteagal toisc go scriostar an Iarscríbhinn.*

#### **Leasú 73**

#### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 23 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Faoin 31.12.2031 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid

*Leasú*

1. Faoin 31.12.2031 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid

Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle,  
Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na  
hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le  
cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle,  
Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na  
hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le  
cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. ***Déanfar  
measúnú sa mheastóireacht ar  
éifeachtacht an Rialacháin maidir le  
haghaidh a thabhairt ar ghanntanais  
scileanna agus maidir le dálaí oibre  
cothroma a áirithiú. Molfaidh an  
Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, na  
leasuithe agus na modhnuithe is gá.***

Or. en

Leasú 74

**Togra le haghaidh rialacháin  
Iarscríbhinn I**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*[...]*

*scriosta*

Or. en

**IARSCRÍBHINN: NA HEINTITEAS NÓ NA nDAOINE A bhFUIL IONCHUR  
FAIGHTE AG AN RAPÓIRTÉIR UATHU**

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an dréacht-tuairim á hullmhú

<b>Eintiteas agus/nó duine</b>
ETUC – European Trade Union Confederation
FH – Fagbevægelsens Hovedorganisation
3F - Faglig Frelles Forbund
FNV - Central Workers Union
DGB - Deutscher Gewerkschaftsbund
BDA - Die Arbeitgeber
Picum
ILO - International Labour Organisation
DA - Danish Employers Organisation
ETF - European Transport Workers' Federation
IndustriALL

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.